Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2026**
**(OR. en)**

**13522/26**

**COH 151**
**FIN 1345**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12925/26 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: 'Tacaíocht ón mbeartas comhtháthaithe le haghaidh fostaíocht don aos óg – Tá an tAontas i mbun gnímh, ach tá obair fós le déanamh chun fostaíocht bhuanseasmhach a chinntiú do dhaoine óga'<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 22 Meán Fómhair 2026) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2026 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Tacaíocht ón mbeartas comhtháthaithe le haghaidh fostaíocht don aos óg – Tá an tAontas i mbun gnímh, ach tá obair fós le déanamh chun fostaíocht bhuanseasmhach a chinntiú do dhaoine óga', mar a d'fhormheas an Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta) iad ag an 4194ú cruinniú a bhí aici an 22 Meán Fómhair 2026.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2026 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:**

**'Tacaíocht ón mbeartas comhtháthaithe le haghaidh fostaíocht don aos óg – Tá an tAontas i mbun gnímh, ach tá obair fós le déanamh chun fostaíocht bhuanseasmhach a chinntiú do dhaoine óga'**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2026 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (dá ngairtear 'an Chúirt' anseo feasta) agus na freagraí ón gCoimisiún Eorpach (dá ngairtear 'an Coimisiún' anseo feasta) ar an Tuarascáil;

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, cé gurb é an Ballstát go príomha atá freagrach as cúrsaí fostaíochta, ó 2014 i leith, go bhfuil thart ar EUR 25 bhilliún de chistiú an bheartais comhtháthaithe leithdháilte go sonrach chun dífhostaíocht agus neamhghníomhaíocht i measc an aosa óig a chosc agus chun dul i ngleic leo, go háirithe trí Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE), tríd an Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg (TFAO) agus trí bhreisiú an Chúnaimh Téarnaimh don Chomhtháthú agus do Chríocha na hEorpa (REACT-EU) don tréimhse 2014-2020, chomh maith le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus an Ciste um Aistriú Cóir (CUAC) do 2021-2027;

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, in ainneoin laghdú seasta ar an iomlán ó 2013 i leith, go bhfuil na rátaí dífhostaíochta i measc na n-óg fós ard i roinnt mhaith Ballstát;

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndearna iniúchadh na Cúirte measúnú ar an gcaoi ar thacaigh an Coimisiún leis na Ballstáit feabhas a chur ar staid na fostaíochta i measc daoine óga, agus ar an gcaoi a ndearna sé faireachán ar na torthaí, agus ar cé acu a chabhraigh nó nár chabhraigh bearta arna gcistiú ag an Aontas le lánpháirtiú inbhuanaithe daoine óga sa mhargadh saothair, lena n-áirítear na grúpaí is leochailí;

5. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI gur chinn an Chúirt gur bhain an Coimisiún úsáid iomchuí as na huirlisí atá ar fáil dó chun tacú leis na Ballstáit ina n-iarrachtaí ar aghaidh a thabhairt ar an dífhostaíocht i measc na hóige idir 2013 agus 2024, agus gur chuir sé creat straitéiseach ar fáil chun cabhrú leis na Ballstáit an dífhostaíocht i measc na hóige a chomhrac tríd an Ráthaíocht don Aos Óg agus tríd an Seimeastar Eorpach, agus trí chistiú comhfhreagrach ón Aontas;

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE torthaí eile na Tuarascála, go háirithe an méid seo a leanas:

- tá riosca i gcónaí ann nach n-úsáidfear an cistiú ó CSE+ agus ó CUAC chomh éifeachtach céanna mar gheall ar bhrú méadaithe go ndéanfaí an cistiú a úsáid i dtreo dheireadh na clárthréimhse,

- is beag faisnéis atá i gcreat táscairí CSE+ faoi thorthaí fadtéarmacha na tacaíochta airgeadais ón Aontas le haghaidh fostaíocht don aos óg, agus níl anailís déanta ag an gCoimisiún ar thionchar na gcineálacha éagsúla tacaíochta don fhostaíocht le haghaidh daoine óga arna ndearadh agus arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit,

- is féidir le dreasachtaí chun daoine a fhostú a bheith úsáideach, ach braitheann a dtionchar agus a n-inbhuanaitheacht ar a ndearadh agus ar a gcuspóir ainmnithe,

- le cóitseáil poist agus tacaíocht don ghairmoiliúint, éascaítear lánpháirtiú daoine óga sa mhargadh saothair,

- cé go bhfuil laghdú tagtha ar líon foriomlán na ndaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna), tá athrú suntasach tagtha ar chomhdhéanamh an phobail NEETanna san Aontas, agus is daoine óga neamhghníomhacha den chuid is mó atá ann anois, dream a bhfuil sé i bhfad níos deacra dul i gcion orthu;

7. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI gur ghlac an Coimisiún go hiomlán le moltaí na Cúirte. Áirítear leis sin feabhas a chur ar an bhfaireachán agus ar an meastóireacht a dhéantar ar chistiú an Bheartais Comhtháthaithe lena dtacaítear le fostaíocht don aos óg, an gealltanas go n-oibreofaí i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun feabhas a chur ar a mbearta tacaíochta le haghaidh fostaíocht don aos óg, eolas agus malartú dea-chleachtas a chur chun cinn chun dreasachtaí éifeachtacha fostaíochta a chruthú do dhaoine óga**,** agus chun daoine óga neamhghníomhacha a shainaithint agus dul i gcion orthu**,** gan ualach riaracháin breise;

8. LEAGANN SÍ BÉIM AR an ngá atá le haird ar leith a thabhairt ar limistéir faoi mhíbhuntáiste, amhail na cinn siúd dá dtagraítear in Airteagal 174 agus in Airteagal 349 CFAE, chun tacú le fostaíocht don aos óg.